Feidhmíonn an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS) faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh (ACLS) 2005, arna leasú. Faoi Alt 5 den Acht, féadfaidh sé, faoi réir fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Ranna, Oifigí agus Soláthraithe Seirbhíse sonraithe a íoc le leith táillí agus speansais a bhaineann le CÁS. Is é an Roinn Coimirce Sóisialaí an príomhsholáthraí seirbhíse a bhaineann le CÁS a n-íocast ar dtús as Vóta 37. Aisíocann an CÁS an Vóta ar bhonn míosúil agus, in 2023, aisíocadh an tsuim €176.77 milliún as seirbhíse riaracháin den sórt sin. Seachas mar a shonraítear faoi Alt 5, níl baint ag an CÁS le soláthar díreach seirbhíse tríú páirtí.

Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (ÍDP)

Thug an Rialtas Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (ÍDP) Covid-19 isteach ón 13 Márta 2020 mar scéim éigeandála chun cúnamh airgid a sholáthar d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chaill a bpost de bharr na paidéime. Bunaíodh an ÍDP ar dtús faoi Alt 202 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, a dhéileálann le liúntas leasa forlíontach a bhronnadh i gcásanna práinne. Chuir an tAcht Leasa Shóisialaigh (Covid-19) (Leasú), 2020 ("An tAcht"), a achtaíodh ar an 5 Lúnasa 2020, an ÍDP ar bhonn reachtúil scoite faoi Alt 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005. Dúnadh an scéim go héifeachtúil i mí Aibreáin 2022. D'aistrigh na faighteoirí a bhí fágtha go dtí téarmaí caighdeánacha cuardaitheora poist i mí Aibreáin 2022, sa chás go raibh siad incháilithe.

Tar éis dhúnadh na scéimeanna, tá roinnt beart athbhreithnithe á reáchtáil ag an roinn atá dírithe ar chásanna a aithint ina bhféadfadh sé nár chomhlíon éiliteoirí na critéir incháilitheachta le híocaíocht a fháil. Tá na hathbhreithnithe seo dírithe ar chásanna ina bhfuil forluí follasach idir taifid íocaíochta ÍDP agus tuairisceáin párolla fostóra chuig na Coimisinéirí Ioncaim, agus cásanna nach bhfuil aon bhuntaifead fostaíochta ann, a thacódh le háitiú éiliteora gur chaill siad fostaíocht. Tá an dá bheart fós ar siúl. Déantar aon ró-íocaíochtaí a shainiú agus a thugtar chun críche mar thoradh ar na bearta seo a thairgeadh ar chóras cuntasáíochta fiachais agus fáiltas na Roinne (CCFF) ar an ngnáthmhodh.

Iníúchadh Inmheánach agus Coiste Iníúchta agus Riosca

Tá feidhm iníúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa, atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iníúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iníúchta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iníúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar obair leantach ar mholtaí na feidhme iníúchta inmheánaigh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainiú agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainiú na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha riosca.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhorc Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe ceangailte agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iníúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na foirne bainistíochta sinsearaí taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Obair Chumaisc

Forbraíodh Beartas Oibre Cumaisc an RCS, a seoladh i mí an Mheithimh 2022 agus atá i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2022, i gcomhréir leis an gcreat Beartais Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse 2022, a foilsíodh i Márta 2022.

Ó 2022 i leith, tá próiseas iarratais bliantúil á fheidhmiú ag an Roinn ar obair chumaisc.

Tá an beartas treoraithe ag an bprionsabal uileghabhálach nach mór don Roinn leanúint de bheith ar fáil dár gcustaiméirí agus torthaí a bhaint amach dóibh. I gcás riachtanais, ciallaíonn sé sin nach féidir le hobair chumaisc oibriú i ngach cás do gach ról nó do gach ball foirne.

Mar sin, tá cur chuige éagsúil i bhfeidhm ag an Roinn maidir le tinreamh san ionad oibre faoin mbeartas agus baineann an chuid is mó de shocrúithe um obair chumaisc don fhoireann ó fhreastal lá amháin sa tseachtain ar a laghad san ionad oibre go dtí freastal lánaimseartha san ionad oibre. Is féidir le gach ball foirne cur isteach ar Obair Chumaisc.

Ag deireadh na bliana 2023, bhí socrú ceadaithe um obair chumaisc i bhfeidhm ag thart ar 58% den fhoireann ar fad (líon foirne de 4,072). Díobh siúd a bhfuil ceadú faighte acu d'Obair Chumaisc, bhí 22% (902) ag obair go cianda lá amháin sa tseachtain, bhí 30% (1,237) ag obair go cianda 2 lá sa tseachtain, bhí 24% (1,000) ag obair go cianda 3 lá sa tseachtain, bhí 23% (921) den fhoireann ag obair go cianda 4 lá sa tseachtain, d'oibrigh faoi bhun 1% (3) go cianda 5 lá in aghaidh na seachtaine le ceadú ón Rúnaí Cúnta nó mar bheart ceadaithe um chomhréiteach réasúnach.

Chun leas a bhaint as obair chumaisc, ní mór do bhaill foirne aontú leis an mBeartas um Obair Chumaisc agus leis an mBeartas um Theileá-Oibriú.

Chun riosca sáruithe ar shonraí a mhaolú eisítear ríomhairí glúine atá criptithe don fhoireann go léir. Deimhnítear céannacht an bhaill foirne le hainm úsáideora agus pasfhocal araon sula bhfaightear rochtain ar aon chóras de chuid na Roinne. Faightear rochtain ar Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) criptithe.

Tá an Roinn tiomanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a Beartas um Obair Chumaisc ar bhonn leanúnach, agus é a oiriúnú nuair a theastaíonn mar tuigeann an Roinn go bhfuil timpeallacht na hoibre cumaisc agus na hoibre hibridí i gcónaí ag athrú. Tá sé mar sprioc leanúnach ag an roinn a bheith ina heagraíocht fhorásach a ghlacann le húsáid teicneolaíochtaí nua agus nuálacha, a dhéanann athshamhlú leanúnach ar phoist, a chothaíonn fórsa oibre acmhainneach agus a thacaíonn leis an bhfórsa oibre sin chun seirbhísí inmharthana ar chur ar fáil dár gcustaiméirí, le hobair chumaisc chomh maith.

Saincheisteanna um Rialú Inmheánach Airgeadais

Déantar coigeartuithe idir-scéimeanna a thairfeadtar ar an gcóras íocaíochta custaiméara a iontráil de láimh ar chóras bogearraí a ghineann dialann achoimrithe a úsáidtear chun an córas cuntasáíochta airgeadais a nuashonrú. De bharr cumais tuairiscithe neamh-chomhoiriúnacha, ní féidir na coigeartuithe idir-scéime a rinneadh ar an gcóras íocaíochta custaiméirí agus ar an gcóras cuntasáíochta airgeadais a réiteach. Tá tús curtha le tionscadal chun an próiseas láimhe seo a athsholáthar trí úsáid a bhaint as réiteach uathoibrithe, agus is é Aibreán 2025 an dáta cur chun feidhme molta. Aithníodh earráidí iontrála láimhe le linn tástála. Ba é an toradh a bhí ar cheartú na n-earráidí seo ná athmhúirear de €8.5 milliún (glan) ón gCiste Árachais Shóisialaigh ar Chuntas Leithreasa Vóta 37 in 2023. Ní dhearnadh aon difear d'íocaíochtaí do chustaiméirí.

Níor sainaithníodh aon laige eile sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh i gcountais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

John McKeon
Oifigeach Cuntasáíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

An 19 Iúil 2024

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS) leis an Acht Leasa Shóisialaigh, 1952 (arna leasú). Oibríonn an CÁS faoi théarmaí an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, arna leasú (ACLS 2005). Faoi Alt 9 den Acht sin, cuimsíonn an CÁS cuntas reatha atá á bhainistiú agus á rialú ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus cuntas infheistíochta atá á bhainistiú agus á rialú ag an Aire Airgeadais. Ullmhaítear cuntais an CÁS ar an bhfoirm agus ar an modh a cheadaíonn an tAire Airgeadais.

Tagann ioncam an CÁS go príomha ó na ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim i leith fostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe. Íoctar sochair árachais shóisialaigh, lena n-áirítear teidlíochtaí íocaíochta iomarcaíochta agus sochair díobhálacha ceirde arna riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí as an CÁS ag rátaí arna mbunú ag reachtaíocht.

Chomh maith le híocaíochtaí scéime, íoctar amach ón CÁS nó aisghabhtar ón CÁS speansais uilig a bhain le riar na scéimeanna árachais shóisialaigh. Leis seo, cuirtear speansais arna dtabhú ag an Roinn, ag Ranna eile agus ag An Post, san áireamh. Tá an bonn reachtúil atá le híocaíocht na speansas leagtha amach in Alt 5 den ACLS 2005. Chomh maith leis sin, de réir Alt 8 den ACLS 2005, déantar íocaíochtaí de bhun Alt 5(3) agus (4) den Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000 isteach sa Chiste Náisiúnta Oiliúna. Tá an Ciste Náisiúnta Oiliúna á fheidhmiú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Ullmhaíodh na cuntais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Aisghabháil ró-íocaíochtaí

Déantar cuntas ar aisghabháil fiach maidir le ró-íocaíochtaí scéimeanna ginearálta/liúntas tacaíocht ioncaim mar seo a leanas.

- Tugtar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte chun cuntais ar an dáta a ndéantar iad a mheaitseáil leis an sealbhóir fiachais ábhartha. Coinnítear méideanna aisghabhála neamh-mheaitseáilte ar fionraí agus tugtar chun cuntais iad mar ioncam le laghdú comhfhreagrach ar fhiach nuair a shainaithnítear iad. Toisc gurb é Vóta 37 príomhfhaighteoir admhálacha ró-íocaíochta, coinnítear fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 go dtí go ndéanfar réiteach agus postáil ina dhiaidh sin chuig Vóta 37 nó CÁS mar is cuí.
- Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir leis an mbliain chuntasaíochta reatha a ghlanluacháil in aghaidh an chaiteachais don bhliain chuntasaíochta reatha.
- Láimhseáiltear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana roimhe sin mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Féadfar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte a tuairiscíodh i mbliain/blianta cuntasaíochta roimhe sin a chur ar ceal sa bhliain chuntasaíochta reatha. Gearrtar aisghabhálacha na bliana roimhe a cealaíodh sa bhliain chuntasaíochta reatha in aghaidh caiteachais na bliana reatha. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar luach ró-íocaíochta a ardaíodh sa bhliain roimhe sin, cuirtear an ró-íocaíocht bhunaidh ar ceal agus ardaítear ró-íocaíocht nua sa bhliain reatha – nuair a tharlaíonn sé sin, déantar an méid a aisghabhtar a mheaitseáil leis an ró-íocaíocht nua agus é a thaifeadadh mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.

Tugtar aisghabháil íocaíochtaí céim-isteach iomarcaíochta agus dócmhainneachta, arna ndéanamh thar ceann fostóirí, chun cuntais mar seo a leanas:

- Tugtar gach aisghabháil chun cuntais mar ioncam ar an dáta a mheaitseáiltear iad le sealbhóir fiachais an fhostóra ábhartha. Coinnítear aisghabhálacha dosháraithe ar fionraí agus tugtar chun cuntais iad mar ioncam le laghdú comhfhreagrach ar fhiach nuair a aithnítear iad.

3. Polasáí Maoinithe

De réir Alt 9 de ACLS 2005, íoctar suimeanna iníoctha isteach sa CÁS isteach sa chuntas reatha nó sa chuntas infheistíochta. Ón 1 Eanáir 2015, tá gach suim iníoctha anois isteach sa chuntas reatha lena n-áirítear ranníocaíochtaí ÁSPC a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann an CÁS.

Forálann Alt 9 de ACLS 2005 freisin go n-aistrítear airgead nach bhfuil ag teastáil chun caiteachas reatha an CÁS a chomhlíonadh chuig an gcuntas infheistíochta agus go ndéantar aon easnamh sa chuntas reatha maidir le dlíteanas a ghlanadh ón gcuntas infheistíochta ar an gcéad dul síos, agus ar shlí eile trí airgead a sholáthraíonn an tOireachtas nó trí airleacain dhíreacha ón Státchiste.

I rith 2023, aistríodh airgead nach raibh ag teastáil chun riachtanais caiteachais reatha CÁS a chomhlíonadh ón gcuntas reatha tríd an gcuntas infheistíochta chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Amhail mí na Nollag 2023, bhí cistí de luach €5,204 milliún ag GBCN thar ceann an CÁS.

4. Cuntas Infheistíochta

Léirítear torthaí chuntas infheistíochta an Chiste sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Tá an ghluaiseacht ar an gcuntas infheistíochta leagtha amach i Nóta 15.

5. Fáltais a Aithint

Léiríonn na ranníocaíochtaí ÁSPC a tuairiscíodh ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh agus Sláinte agus Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna (TCNO).

Forálann an tAcht um an gCiste Náisiúnta Oiliúna, 2000, d'fhorchur TCNO ar fhostóirí i leith fostaithe áirithe, le húsáid chun scileanna a sholáthar nó chun scileanna a ardú ina measc siúd atá i bhfostaíocht nó atá ag lorg fostaíochta. Is é an tobhach ar fhostóirí ná 1.00% den tuilleamh ináirithe i leith fostaithe i bhfostaíochtaí Aicme A agus Aicme H. Ba é céatadán na ranníocaíochtaí ÁSPC de chuid Sceideal E a leithdháileadh ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO) in 2023 ná 6.55%.

Áirítear mar shócmhainn reatha ranníocaíochtaí ÁSPC a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim ach nár aistríodh chuig an CÁS ag deireadh na bliana.

Cuirtear fáltais eile san áireamh ar bhonn fáltais airgid thirim.

6. Íocaíochtaí a Aithint

Cuimsíonn íocaíochtaí na suimeanna sin a thagann i gcúrsa na híocaíochta i rith na bliana. Meastar méideanna a bheith íoctha nuair a thabhaítear an dlíteanas, nuair atá an íocaíocht dlite agus nuair atá treoir na híocaíochta (seic nó ríomhaistriú airgid) tar éis a bheith déanta ar an gcóras bainteach íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí airgid thirim leasa shóisialaigh a dhéantar trí An Post nuair a eisíoctar iad. Sa chás go dtiteann an gnáthdháta íocaíochta ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh go mbeadh gá le híocaíochtaí a eisíúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí ríomhaistriú airgid ó bhainc nó trí luathairgead tirim ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí. Ina theannta sin, faoi shocruithe bainc éireachta nua a cuireadh i bhfeidhm le linn 2020, eisíonn an Roinn cistí don bhanc lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméara. Tá na híocaíochtaí maoinithe seo san áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

7. Sócmhainní Teagmhasacha

Aithnítear íocaíochtaí sochar nuair a dhéantar iad. Liostaítear íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht lena n-aisghabháil faoi mar atá íocaíochtaí céim-isteach a dhéantar thar ceann fostóirí i gcás go mainnítear oibleagáidí iomarcaíochta agus pá-choibhneasa a chomhlíonadh. Ní féidir leibhéal na n-aisghabhálacha a mheas go cruinn, áfach, agus níl aon iarmhéideanna san áireamh i leith na n-íocaíochtaí seo ar Ráiteas ar Staid Airgeadais an CÁS. Nochtar na suimeanna

gan íoc maidir le ró-íocaíochtaí sochair agus fiacha iomarcaíochta agus dócmhainneachta i Nótaí 4 agus 5 faoi seach de na cuntais.

8. Áitribh agus Dímhéas

Taispeántar áitribh ag luach an mhargaidh. Rinne ball den ghairm luachála, a raibh cáilíocht ghairmiúil ábhartha aitheanta aige, an luacháil ar an 11 Samhain 2020. Tá an Roinn tiomanta d'athluacháil an fhoirgnimh gach 5 bliana ar a laghad.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	<u>Nótaí</u>		<u>2023</u>		<u>2022</u>
		€000	€000	€000	€000
<u>Fáltais</u>					
Ranníocaíochtaí ÁSPC					
Árachas Sóisialach	1	15,604,162		14,019,868	
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna	2	1,066,811		950,357	
Ranníocaíochtaí Sláinte	3	670	16,671,643	1,116	14,971,341
Ioncam ó Aisghabhálacha Ró-íocaíochta Sochair	4		17,215		16,768
Ioncam ó Aisghabháil Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta ó Fhostóirí	5		11,966		8,723
Ioncam ó Chaiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh a Aisghabháil ó Dhámhachtainí Cúitimh Árachais	6		22,566		20,270
Ioncam Tuillte as Barrachas	15		60,661		2,017
Ioncam eile	7		7,950		1,299
			16,792,001		15,020,418
<u>Íocaíochtaí</u>					
Riarachán					
Speansais Riaracháin	8		280,231		264,287
Pinsin					
Pinsean Stáit (Ranníocach)		7,088,955		6,564,401	
Pinsean Stáit (Idirthréimhseach)	9	5		3	
Pinsin (Ranníocach) Baintreach, Baintreach Fir / Páirtnéirí Sibhialta Marthanacha		1,812,798		1,725,279	
Pinsin (Ranníocach) Baintreach, Baintreach Fir / Páirtnéirí Sibhialta Marthanacha (Sochar Báis)		10,910	8,912,668	10,717	8,300,400
Aois oibre – Tacaíochtaí Ioncaim					
Sochar Cuardaitheora Poist		438,270		475,461	
Sochar Cuardaitheora Poist (do Dhaoine Féinfhostaithe)		9,723		10,340	
Sochar Banchéile Thréigthe		62,622		63,875	
Sochar Máithreachais		268,769		263,300	
Sochar Atharthachta		14,233		13,453	
Sochar do Thuismitheoirí		79,161		64,981	
Sochar Uchtaíoch		166		202	
Sochar Sláinte agus Sábháilteachta		388		388	
Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Sochair Chóireála	5	23,062		21,550	
Sochair Chóireála	10	143,111		128,351	
Sochar Dífhostaíochta Paidéime Covid-19	11	119		197,199	
Íocaíocht iomarcaíochta a bhaineann le Covid-19	5	470	1,040,094	1,156	1,240,256
Breiteacht, Míchumas agus Cúramóirí					
Sochar Breiteachta		661,779		614,073	
Sochar Breiteachta Covid-19	12	0		187,110	
Sochar Díobhála		9,006		9,184	
Pinsean Easláine		793,627		765,989	
Sochar Cumais Pháirtigh		24,883		25,717	
Sochar Míthreorach		73,619		69,552	
Scéim Chúram Leighis		185		144	
Sochar Cúramóra		56,302	1,619,401	49,170	1,720,939

	<u>Nótaí</u>	<u>2023</u>	<u>2022</u>
		€000	€000
Leanaí			
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)		18,410	16,480
Deontas do Thuismitheoir Baintrí nó Páirtnéara			
Shibhialta Mharthanaigh			
(Ranníocach)		<u>8,539</u>	<u>7,667</u>
		26,949	24,147
Íocaíochtaí Forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha			
Liúntas Breosla		215,226	222,590
Pacáiste Sochair Teaghlaigh	13	193,501	193,680
Liúntas Tacaíochta Teileafóin		<u>11,233</u>	<u>9,863</u>
		419,960	426,133
Íocaíocht leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna	2	<u>1,066,390</u>	<u>950,800</u>
		<u>13,365,693</u>	<u>12,926,962</u>
Farasbarr d'Fháiltis thar Íocaíochtaí		3,426,308	2,093,456
(Méadú) / Laghdú ar iarmhéideanna dlíte don Chiste Náisiúnta Oiliúna	2	(421)	443
Barrachas don bhliain	20	<u>3,425,887</u>	<u>2,093,899</u>

Tá na polasaithe cuntasáochta agus nótaí 1 - 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

John McKeon
Oifigeach Cuntasáochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

An 19 Iúil 2024

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	€000	<u>2023</u> €000	€000	<u>2022</u> €000
Sócmhainní Seasta					
Áitreabh	14		28,000		28,000
Sócmhainní Airgeadais					
Cuntas infheistíochta	15		5,204,000		1,810,000
Sócmhainní Reatha					
Iarmhéideanna bainc agus airgid	16	290,766		269,027	
Ranníocaíochtaí atá dlite ó na Coimisinéirí Ioncaim	17	20,520		16,764	
Réamhíocaíochtaí		<u>16,055</u>		<u>14,922</u>	
		327,341		300,713	
Dlíteanais Reatha					
Iarmhéideanna dlite do Vóta 37	18	9,750		15,587	
Ilchreidiúnaithe	19	1,532		1,375	
Iarmhéideanna atá dlite chuig an / (ón) gCiste Náisiúnta Oiliúna	2	<u>273</u>		<u>(148)</u>	
		11,555	315,786	16,814	283,899
Glansócmhainní			<u>5,547,786</u>		<u>2,121,899</u>
Léirithe ag					
Cúlchistí Ioncaim ar an 1 Eanáir			2,095,376		1,477
Barrachas don bhliain	20		3,425,887		2,093,899
Cúlchistí Ioncaim ar an 31 Nollaig			<u>5,521,263</u>		<u>2,095,376</u>
Cúlchiste Athluachála	14		26,523		26,523
Cúlchistí Iomlána ar an 31 Nollaig			<u>5,547,786</u>		<u>2,121,899</u>

Tá na polasaithe cuntasáochta agus nótaí 1 - 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

John McKeon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí
An 19 Iúil 2024

Nótaí ag gabháil leis na cuntais

1. Árachas Sóisialach

Déantar ranníocaíochtaí ÁSPC a chionroinnt idir Árachas Sóisialach agus Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna (nóta 2).

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Ranníocaíochtaí Fostóirí	10,840,126	9,737,061
Ranníocaíochtaí Fostaithe	4,051,360	3,639,103
Ranníocaíochtaí Féinfhostaithe	712,676	643,704
	<u>15,604,162</u>	<u>14,019,868</u>

Sa bhliain 2023, fuarthas €15,629.47 milliún i leith ranníocaíochtaí ÁSPC agus aisíocadh €25.31 milliún de sin le ranníocóirí ÁSPC.

2. Iarmhéideanna atá dlite chuig an / (ón) gCiste Náisiúnta Oiliúna

De réir Alt 8 den ACLS 2005, déantar íocaíochtaí de bhun Alt 5(3) agus (4) den Acht Oiliúna Náisiúnta 2000 isteach sa Chiste Náisiúnta Oiliúna (CNO). Tá an NTF á fheidhmiú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Ar an 31 Nollaig 2023, bhí iarmhéid €273,000 dlite ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Ba é céatadán na ranníocaíochtaí comhlán ÁSPC Sceideal E a leithdháileadh ar an CNO in 2023 tar éis anailíse staitistiúla a rinneadh ná 6.55% (2022: 6.50%).

Ba é seo a leanas an staid maidir leis an iarmhéid ó / (chuig) an CNO:

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	(148)	295
Cionroinnte le linn na bliana Íochta sa Bhliain	1,066,811 <u>(1,066,390)</u>	950,357 <u>(950,800)</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	<u>273</u>	<u>(148)</u>

3. Ranníocaíochtaí sláinte

Tar éis an Muirear Sóisialta Uilíoch a thabhairt isteach ar an 1 Eanáir 2011, níl aon Ranníocaíochtaí Sláinte breise (RS) iníochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ach coinníonn an CÁS iad de réir Alt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh 2010. (2023: €670,000, 2022: €1.1 milliún,).

4. Aisghabháil Ró-íocaíochta Sochair

Tá an Láraonad Fiachais (LF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméara aonair taifeadta agus aisghabháil fiach a bhainistiú. (i)

Ba é seo a leanas an staid achomair ar ró-íocaíochtaí sochair taifeadta agus fiacha arna mbainistiú ag LF ar an 31 Nollaig 2023:

	2023		2022	
	€000		€000	
Ró-íocaíochtaí fós le réiteach ar an 1 Eanáir 2023	112,160		100,356	
Glanmhéid na ró-íocaíochtaí a taifeadh				
Calaois amhrasta	3,433		5,232	
Earráid custaiméara	26,358		32,447	
Earráid oifigiúil	2,232		4,276	
Eastát	1,281	33,304	1,406	43,361
		145,464		143,717
Lúide:				
Fiachas a aisghabhadh (ii)	(25,548)		(26,255)	
Coigeartú Aisghabhálacha (iii)	92	(25,456)	86	(26,169)
		120,008		117,548
Fiachais na Bliana Roimhe a cuireadh ar ceal (v)		(2,624)		(1,964)
Fiachas a díscríobhadh mar fhiach atá do-aisghabhála (vi)		(2,659)		(3,424)
Ró-íocaíochtaí fós le réiteach ar an 31 Nollaig 2023		114,725		112,160

Nótaí:

- (i) Déanann an réimse scéime lena mbaineann bainistíocht ar ró-íocaíochtaí agus aisghabháil fiacha a eascraíonn as caidreamh conarthach nó comhaontuithe seirbhíse le comhlachtaí corparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna ar nós Sochair Cóireála agus ní luaitear anseo iad. B'ionann aisghabhálacha iomlána 2023 do na scéimeanna seo agus €962,000 (2022: €865,000).
- (ii) Déantar anailís ar mhéid an fhiachais a aisghabhadh in 2023 mar seo a leanas:
 - (a) €17.2 milliún curtha ar ioncam maidir le fiacha na bliana roimhe sin.
 - (b) €8.3 milliún curtha suas in aghaidh caiteachais i leith fhiachas na bliana reatha.
- (iii) An coigeartú maidir le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal i rith na bliana.
- (iv) Baineann fiachais na bliana roimhe a cuireadh ar ceal le ró-íocaíochtaí a ardaíodh sna blianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2023. Tuairiscítear aon ró-íocaíocht nua ina dhiaidh sin a ardaítear mar thoradh ar achomharc nó ar chinneadh athbheithnithe faoi Ghlan-ró-íocaíochtaí taifeadta.

- (v) Le linn 2023, díscríobhadh fiachas de €2.7 milliún san iomlán. B'ionann €1.8 milliún agus díscríobhanna a rinneadh faoi bheartas bliantúil na Roinne ina ndéantar athbhreithniú ar fhiacha reatha i dtéarmaí cibé an bhfuil sé eacnamaíoch dul sa tóir orthu nó an bhfuil siad do-aisghabhála. Rinneadh an chuid eile de na díscríobhanna sa ghnáthchúrsa gnó. Áirítear le figiúr díscríofa fiachais 2023 152 custaiméir a díscríobhadh a bhfiacha aonair de níos mó ná €10,000 ar luach iomlán €4.9 milliún (CÁS: €1.3 milliún; Vóta: €3.6 milliún).

5. Scéimeanna a bhaineann le hIomarcaíocht agus Dócmhainneacht Fostóirí, lena n-áirítear an Scéim Íocaíochta Leagan As Foirne Covid-19

Forálann na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí, sa chás go loiceann fostóirí íocaíochtaí cnapshuime iomarcaíochta reachtúla a dhéanamh, gur féidir an teidlíocht reachtúil iomlán a íoc le fostaithe ón CÁS. Ina theannta sin, sa chás go n-éiríonn fostóirí dócmhainneach, féadfar teidlíochtaí reachtúla áirithe eile gan íoc (riaráistí pá, pá saoire etc.) a íoc ón CÁS. Lorgaítear aisghabháil na suimeanna a íocadh faoi na cúinsí seo ó na fostóirí ábhartha.

Cuireadh tús leis an scéim íocaíochta leagan as foirne COVID-19 (SÍLFC) ar an 19 Aibreán 2022 faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta (Leasú) 2022. Is íocaíocht aonuaire cnapshuime í d'fhostaithe a rinneadh iomarcach ón 13 Márta 2020 nó, a rinneadh iomarcach roimh an 31 Eanáir 2025 agus a chaill an deis seirbhís ináirithe a thógáil mar gheall ar leagan as sealadach foirne de bharr shrianta COVID-19 ón 13 Márta 2020 go dtí an 31 Eanáir 2022. Níl an fostóir faoi dhliteanas don fhiachas ar íocaíochtaí a rinneadh faoin scéim SÍLFC. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh i 2023 ná €470,000 (2022: €1.2 milliún).

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a bhainistíonn riaradh na scéimeanna iomarcaíochta agus Dócmhainneachta agus tagann an fhreagracht beartais faoi shainchúram na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tá íocaíochtaí le linn 2023 faoi na scéimeanna léirithe thíos:

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Iomarcaíocht - Íocaíochtaí d'fhostaithe mar thoradh ar mhainneachtain fostóra	18,032	16,902
Dócmhainneacht - Íocaíochtaí	4,967	4,638
SIAC – Íocaíochtaí	470	1,156
Dócmhainneacht - Damáistí dlíthiúla agus cúiteamh	48	0
Costas Riaracháin	15	10
	<u><u>23,532</u></u>	<u><u>22,706</u></u>

Seo a leanas an staid charnach maidir le méideanna gan íoc ó fhostóirí:

			<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000	€000	€000
	Iomarcaíocht	Dócmhainneacht	Iomlán	Iomlán
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	276,175	69,165	345,340	382,930
Íocaíochtaí mar thoradh ar mhainneachtain fostóra	18,032	4,967	22,999	21,540
Coigeartú Fiachais na Bliana Reatha (i)	52	5	57	(140)
Lúide: Méideanna a aisghabhadh (ii)	(9,412)	(2,554)	(11,966)	(8,723)
Lúide: Méideanna a Díscríobhadh (iii)	(16,393)	(5,511)	(21,904)	(50,267)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig (iv)	<u>268,454</u>	<u>66,072</u>	<u>334,526</u>	<u>345,340</u>

Nótaí:

- (i) Toisc gur córais neamhspleácha iad CCFF agus an córas cuntas, is féidir éagsúlachtaí idir na córais a theacht chun cinn mar thoradh go príomha ar choigeartuithe fiachais agus ar chealuithe. Is cuid de na réitigh deireadh tréimhse iad na coigeartuithe seo. Sa bhliain 2023, b'ionann iad sin agus €57,000; (2022: €(140,000)).
- (ii) Níl aisghabhálacha um Iomarcaíocht Charnach agus Dócmhainneacht nár aithníodh le sealbhóir fiachais ábhartha san áireamh sna figiúirí seo. B'ionann na haisghabhálacha gan chomhoiriúnú ag deireadh na bliana agus €54,000 (2022: €52,000 - féach nóta 19(ii)).
- (iii) Díscríobhadh fiachas a bhain le 554 fostóir dar luach €21.9 milliún le linn 2023. (Iomarcaíocht: €16.4 milliún; Dócmhainneacht: €5.5 milliún;). Sa bhliain 2022, díscríobhadh fiachas a bhain le 647 fostóir dar luach €50.3 milliún (Iomarcaíocht: €35.6 milliún; Dócmhainneacht: €14.7 milliún).
- (iv) Déanann an CÁS íocaíochtaí iomarcaíochta agus dócmhainneachta le fostaithe a cuireadh ar iomarcaíocht ach nach bhfuil a n-iarfhostóirí in ann an íocaíocht reachtúil chuí a dhéanamh. Léiríonn an t-iarmhéid ag deireadh 2023 de €335 milliún luach leabhair na n-íocaíochtaí sin nár aisghabhadh nó nár díscríobhadh. Samhlaítear go ndíscríobhfar thart ar 90% den luach sa deireadh toisc go mbaineann formhór an fhiachais le comhlachtaí dócmhainneacha. Ní aithnítear an t-iarmhéid mar shócmhainn i Ráiteas ar Staid Airgeadais an CÁS.

6. Aisghabháil chaiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh ó Dhámhachtainí Cúitimh Árachais

Déanann Alt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013 foráil d'aisghabháil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bhaineann le breoiteacht ó chúiteamh arna dhámhachtain ag cúirt nó ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Íocann cúititheoirí nó a ngníomhairí íocaíochtaí den sórt sin leis an Roinn. Fuarthas na céad íocaíochtaí faoin reachtaíocht seo i mí Lúnasa 2014 (2023: €22.57 milliún, 2022: €20.27 milliún.).

7. Ioncam eile

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Cíos (i)	19	19
Ilghnéitheach	2	0
Aisghabháil ró-íocaíochta (ii)	262	244
Ús ar Iarmhéideanna Cuntas Bainc (iii)	7,667	1,036
	<u>7,950</u>	<u>1,299</u>

Nótaí:

- (i) Baineann an méid seo le cíos a íocann C.I.E. le haghaidh Busáras (féach Nóta 14 freisin).
- (ii) Léiríonn an tsuim seo aisghabháil ró-íocaíochtaí ó scéimeanna Sochar Cóireála.
- (iii) Léiríonn an méid seo an t-ús a fuarthas ar chuntas reatha an CÁS.

8. Speansais Riaracháin

Íoctar na speansais go léir a thabhaítear le scéimeanna Árachais Shóisialaigh a riar as an CÁS nó aisghabhtar ón CÁS iad. Cuimsíonn siad seo speansais a bhí tabhaithe ag an Roinn, ag Ranna/Oifigí eile agus ag An Post. Tá an bonn reachtúil atá le híocaíocht na speansas leagtha amach in Alt 5 den ACLS 2005.

Sa bhliain 2023, d'íoc an CÁS €176.77 milliún leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn airgid thirim i leith costas riaracháin.

Seo a leanas na speansais a íocadh amach in 2023:

	2023	2022
	€000	€000
Táillí riaracháin CÁS cionroinnte de réir meascán seirbhísí VÓTA 37.		
Costais Foirne - Tuarastail	91,997	81,278
Costais Foirne - Taisteal	814	478
Postas agus Teileachumarsáid	4,009	3,777
Lóistín/Trealamh/Soláthairtí	26,154	21,420
Comhairleacht sheachtrach	127	345
Deimhniú leighis	40,716	44,618
Eile	12,948	12,269
Táillí riaracháin CÁS tabhaithe go díreach.		
Costais Ghníomhaireachta - An Post: Íocaíochtaí sochair a tharchur	21,328	21,112
Costais Ghníomhaireachta - Na Coimisinéirí Ioncaim: Bailiú ranníocaíochtaí	37,437	37,437
Costais Foirne - Aoisliúntas	33,685	27,852
Lóistín/Trealamh/Soláthairtí	8,001	9,911
Táillí iniúchta	330	0
Costais Ghníomhaireachta - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta: Íocaíochtaí Maidir le: Binsí Fostaíochta	289	327
Táillí bainc, gnóthachan/cailteanas malairte agus ús diúltach (i)	2,396	3,463
	280,231	264,287

Nótaí:

- (i) Tagraíonn muirir bhainc €2.383 milliún do chuntais bhainc a bhaineann le CÁS a bhí faoi réir muirear tráchtála ón 1 Samhain 2016. Ní raibh aon mhuirir úis diúltacha ann in 2023 agus muid ag filleadh ar thimpeallacht dhearfach baincéireachta úis ag deireadh 2022. Tabhaíodh cailteanas malairte eachtraí de €13,608 freisin in 2023.

9. Riaráistí scéime 2023

Cuireadh deireadh leis na scéimeanna Pinsean Stáit (Idirthréimhseach) agus Deontas Méala ó mhí Eanáir 2014 ar aghaidh. Léiríonn caiteachas 2023 agus 2022 íocaíochtaí riaráiste.

10. Sochair Chóireála

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Sochar Déadach	63,738	57,289
Sochar Optúil	51,609	47,185
Sochair Fearais Leighis agus Máinliachta	27,764	23,877
	<u>143,111</u>	<u>128,351</u>

11. Sochar Difhostaíochta Paidéime Covid-19

I rith 2021, dúnadh an scéim ÍDP d'iarraitais nua ar an 8 Iúil 2021. D'oscail sé arís ar bhonn teoranta ón 7 Nollaig 2021 tar éis srianta sláinte poiblí a tugadh isteach ar an dáta sin. Ina dhiaidh sin, dúnadh an scéim arís d'iarraitais nua ar an 22 Eanáir 2022.

B'ionann caiteachas an ÍDP a thabhaigh an CÁS le linn 2023 agus €119,000.

12. Sochar Breoiteachta Covid-19

Tháinig deireadh le Sochar Breoiteachta Feabhsaithe (SBF) ar an 30 Meán Fómhair 2022. Tar éis an dáta seo déanann custaiméirí a fuair Covid-19 iarraitas ar Shochar Breoiteachta ar an ngnáthbhealach.

13. Pacáiste Sochar Teaghlaigh

Tá an pacáiste sochar teaghlaigh ar fáil do gach duine atá 70 bliain d'aois agus níos sine agus do dhaoine áirithe eile a chomhlíonann coinníollacha cáilitheacha.

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Leictreachas saor in aisce	127,861	127,533
Ceadúnas Teilifíse saor in aisce	48,770	49,903
Gás Nádúrtha saor in aisce	6,574	6,732
Gás i mBuidéal saor in aisce	10,296	9,512
	<u>193,501</u>	<u>193,680</u>

14. Áitreabh

Tá úinéireacht Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1 (ceanncheathrú na Roinne Coimirce Sóisialaí), dílsithe don Aire Coimirce Sóisialaí thar ceann an CÁS. Tá Busáras i measc na n-áitreabh. Faigheann an Ciste cíós seasta bliantúil ó C.I.E. i leith Busáras.

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Costas Stairiúil	1,477	1,477
Athluacháil (i)	26,523	26,523
	<u>28,000</u>	<u>28,000</u>

Nótaí

(i) Féach Nóta 20 Cúlchistí

15. Cuntas Infheistíochta

Oibríonn an CÁS faoi théarmaí an Achta Leasa Shóisialaigh (an tAcht Comhdhlúite), 2005, arna leasú. Aistrítear airgead nach bhfuil ag teastáil chun riachtanais chaiteachais reatha CÁS a chomhlíonadh ón gcuntas reatha go dtí an cuntas infheistíochta. Déanann an tAire Airgeadais an cuntas infheistíochta a bhainistiú agus a rialú.

D'fhill an CÁS ar bharrachas i 2022 a cheadaíonn aistriú cistí de bhreis ar riachtanais chaiteachais chuig an gcuntas infheistíochta. Tá an ghluaiseacht in iarmhéid an chuntais infheistíochta leagtha amach thíos.

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir	1,810,000	0
Aistriú chuig cuntas infheistíochta ón gcuntas reatha	10,527,000	5,510,000
Fáltais ó Infheistíochtaí	60,661	2,017
Aistriú ón gcuntas infheistíochta go dtí an cuntas reatha	(7,193,661)	(3,702,017)
Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig	<u>5,204,000</u>	<u>1,810,000</u>

16. Iarmhéideanna bainc agus airgid

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Réamh-iarmhéideanna An Post (i)	111,959	105,987
Iarmhéideanna bainc agus airgid	178,807	163,040
	<u>290,766</u>	<u>269,027</u>

Nótaí:

- (i) Mar ghníomhaire íocaíochta scéime, tá An Post réamh-mhacoinithe ag an CÁS agus Vóta 37 chun dlíteanais chaiteachais na Roinne a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlíte. Ag deireadh 2023, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí i seilbh An Post maidir leis an CÁS agus Vóta 37 agus €260.3 milliún. Ba é an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2022 ná €246.4 milliún.

17. Ranníocaíochtaí atá dlite ó na Coimisinéirí Ioncaim

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Sceideal D - Féinfhostaithe	15,142	16,457
Sceideal E - Fostaithe	5,378	307
	<u>20,520</u>	<u>16,764</u>

Léiríonn iarmhéid na ranníocaíochtaí Sceideal D agus E suimeanna atá bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim nár aistríodh go dtí an CÁS go fóill.

Thug na Coimisinéirí Ioncaim an scéim Stórasaithe Fiachais Chánach isteach chun cabhrú le gnólachtaí a raibh deacrachtaí sreabhadh airgid acu le linn na paindéime Covid-19. Amhail an 31 Nollaig 2023 b'ionann an mhír ÁSPC d'fhiachas ÍMAT Fostóirí arna stórasú agus thart ar €261 milliún agus b'ionann an mhír ÁSPC de Cháin Ioncaim arna stórasú in 2023 agus thart ar €6 milliún.

18. Iarmhéideanna dlite do Vóta 37

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Iarmhéid Vóta 37 (i)	9,750	15,587
	<u>9,750</u>	<u>15,587</u>

Nótaí:

- (i) Léiríonn na hiarmhéideanna atá dlite do Vóta 37 in 2023 (glan) (a) íocaíochtaí a rinne Vóta 37 leis An Post thar ceann CÁS; (b) iarmhéid i leith muirear bainc / Cúis atá dlite do Vóta 37; (c) Caiteachas a bhaineann le Vóta arna íoc as cuntais bhainc arna rialú ag CÁS atá dlite de Vóta 37; (d) Caiteachas a bhaineann le CÁS arna íocadh as cuntais bhainc rialaithe Vóta 37 atá dlite de Vóta 37 agus (e) fáiltas a bhaineann le Vóta 37 a lóisteáladh i gcuntais bhainc rialaithe CÁS ag fanacht le híocaíocht don Vóta.

19. Ilchreidiúnaithe

	<u>2023</u>	<u>2022</u>
	€000	€000
Seirbhísí gairmiúla ag coinneáil cánach siar (i)	1,202	1,173
Aisghabhálacha lomarcaíochta agus Dócmhainneachta neamh-mheaitseáilte (ii)	54	52
Fógra Astaithe Ioncaim (iii)	10	10
Fiachas AE (iv)	37	24
Cáin Mhaoine Áitiúil (v)	117	116
Cuntas Fionraí Baincéireachta (vi)	112	0
	<u>1,532</u>	<u>1,375</u>

Nótaí:

- (i) Baintear cáin shiarchoinneálach as íocaíochtaí a dhéantar le liachleachtóirí as seirbhísí gairmiúla. Íoctar na hasbhaintí seo leis na Coimisinéirí Ioncaim sa mhí i ndiaidh na hasbhainte.

- (ii) Aisghabhálacha lomarcaíochta agus Dócmhainneachta nár aithníodh le sealbhóir fiachais ábhartha ag deireadh na bliana – féach nóta 5 (ii).
- (iii) Faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a ordú don Roinn méid sonraithe de shochair árachais shóisialaigh atá dlite do cháiníocóir ainmnithe a íoc i leith cánacha neamhíochta atá dlite. Ar an 31 Nollaig 2023, bhí €9,925 le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- (iv) Trí chomhaontú (Alt 72 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), féadfaidh an Roinn asbhaintí a dhéanamh as íocaíochtaí sochair atá dlite dá custaiméirí i leith ró-íocaíochtaí tacaíochtaí ioncaim a fuair siad i mBallstáit eile an AE. Íoctar na méideanna a bhailítear go tréimhsiúil leis an Stát ábhartha.
- (v) Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a ordú don Roinn asbhaintí a dhéanamh as íocaíochtaí scéime áirithe i leith daoine atá faoi dhliteanas Cháin Maoine Áitiúla (CMÁ). Ar an 31 Nollaig 2023, bhí asbhaintí CMÁ a bhain le CÁS dar luach €116,905 san iomlán dlite do na Coimisinéirí Ioncaim.
- (vi) Úsáidtear an Cuntas Fionraí Baineoireachta chun idirbhearta bainc a bhfuil gá le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh orthu a imfháilú sula réitítear iad agus sula dtabharfar chun cuntais iad.

20. Cúlchistí

Bhí barrachas de €3,425.88 milliún ag an CÁS in 2023 (2022: barrachas €2,093.90 milliún), caipiteal carntha agus cúlchistí ioncaim de €5,521.3 milliún amhail an 31 Nollaig 2023 agus cúlchiste athluachála de €26.5 milliún, mar a shonraítear thíos.

	<u>2023</u> €000	<u>2022</u> €000
Cúlchistí Ioncaim agus Caipitil Tosaigh ar an 1 Eanáir	2,095,376	1,477
Barrachas don bhliain	3,425,887	2,093,899
Cúlchistí Ioncaim agus Caipitil Deiridh ar an 31 Nollaig	<u>5,521,263</u>	<u>2,095,376</u>
Cúlchiste Athluachála (i)	26,523	26,523
Cúlchistí Iomlána Deiridh ar an 31 Nollaig	<u><u>5,547,786</u></u>	<u><u>2,121,899</u></u>

Nótaí:

- (i) Féach nóta 14 Áitreabh

21. Íocaíochtaí dlíthiúla, cúitimh agus ex-Gratia

Íocadh íocaíochtaí dlí, cúitimh agus ex-gratia arbh fhiú €133,000 san iomlán iad in 2023 (2022: €191,000), agus bhain gach ceann díobh le dócmhainneacht.

22. Dlíteanais theagmhasacha

Tá an Roinn luaite i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a bhféadfadh dlíteanais a bheith mar thoradh orthu, agus é faoi réir thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú aon dlíteanas féideartha éiginnte.

23. Athbhreithniú achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh

Éilíonn an ACLS 2005 go ndéanfaí athbhreithniú achtúireach ar an CÁS gach cúig bliana ar a laghad. Tá athbhreithniú achtúireach ar an CÁS, a rinne athbhreithniú ar staid an chiste amhail an 31 Nollaig 2020, tugtha chun críche. I gcomhréir leis an ACLS 2005, leagadh an t-athbhreithniú faoi bhráid dhá theach an Oireachtais ar an 28 Márta 2023.

Tá sé beartaithe ag an Roinn athbhreithniú achtúireach ar staid an chiste amhail an 31 Nollaig 2025, a thabhairt chun críche in 2026.



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Ciste Árachais Shóisialaigh

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais den Chiste Árachais Shóisialaigh a d'ullmhaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2023, de réir alt 9 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005. Cuimsíonn na ráitis airgeadais na cuntais fáltas agus íocaíochtaí, an ráiteas ar an staid airgeadais agus nótaí ceangailte, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta san áireamh.

I mo thuairim, léiríonn na ráitis airgeadais go fírinneach

- idirbhearta an Ciste Árachais Shóisialaigh 2023, agus
- iarmhéid an Chiste amhail an 31 Nollaig 2023.

Bunús tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIInna) mar a bhí curtha i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán sin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta faighte agam dóthanach agus cuí chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach, agus ar ábhair eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach i láthair leis na ráitis airgeadais. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas agus ar nithe áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Rialacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Mar a tuairiscíodh roimhe seo, Measaim go bhfuil leibhéal measta na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh de bhreis ar theidlíocht faoi scéimeanna áirithe de chuid an Chiste Árachais Shóisialaigh ábharach. Tabharfaidh mé tuairisc bhreise maidir leis an ábhar seo in am trátha, i mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Iúil 2024

Aguisín ag gabháil leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí

Tá an Roinn freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormaid atá sonraithe ag an Aire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir alt 9 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- rialú inmheánach den sórt sin a chur chun feidhme toisc go gcinntear leis cad atá ag teastáil chun an cuntas leithreasa a ullmhú saor ó mhíríteas ábharach, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 9 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine shaor ó mhíríteas ábharach de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CInna míráiteas ábharach i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach más rud é, ina n-aonar nó i gcomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a nglacadh ar bhonn an chuntais leithreasaithe.

Mar chuid den iniúchadh de réir na CInna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádam amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábharach sna ráitis airgeadais a aithint agus a mheasúnú cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá dóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn, i measc nithe eile, maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, le haon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta san áireamh.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasáíochta chun go bhféadfaí an cuntas leithreasaithe a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- Níl an cuntas leithreasaithe ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Tuairiscíú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chládaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi CInna an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn é sin a dhéanamh amhlaidh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis atá iontu ar neamhréir go hábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más dealraitheach go bhfuil míráiteas ábharach ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an tuairim go bhfuil míráiteas ábharach ann, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na comaoineacha speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcricoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.